

Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla. Duine fuinniúil cumasach a bhfuil taithí agus/nó cáilíochtaí oiriúnacha aici/aige i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg. Is é Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla (CFÁA) atá freagrach as an phlean teanga do LPT Maigh Eo Thiar a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge sa Pharóiste.

Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm. Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus d'fhéadfadh go gcuirfí leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla agus freagrach don cheanneagraíocht, maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus/nó na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, obair óige, agus i bplé le coistí/struchtúir phobail
- Taithí i bhfeidhmiú agus i gcur i gcrích tograí
 - Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
 - Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais.
 - Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar ina bhuntáiste.
 - Lán-cheadúnas tiomána glan.

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Chomhlacht Forbartha Áitiúil Acla.

Beidh 40 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin.

Tá scála tuarastail ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an phost chomh maith le scéim phinsin.

Tá na sonraí poist a théann leis an phost le fáil, ach teagmháil a dhéanamh le Bainisteoir Forbartha an Chomhlachta. Teil: 098 43292 . Ríomhphost: pleangaeilgacla@gmail.com

Seol iarratas mar aon le Curriculum Vitae, roimh an Mháirt an 30ú de mhí na Samhna chuig: An Bainisteoir, Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla, Áras Forbairt Acla, An Caol, Acaill, Co Mhuigheo Teil: 098 43292 . Ríomhphost: pleangaeilgacla@gmail.com

